# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

## FRAINCIS – ARDLEIBHÉAL 2014

## SCÉIM MHARCÁLA

Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar dhá fhreagra ar leith mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cearnógacha** [ ] ábhar a bhaineann leis an scéim mharcála a thugtar mar eolas breise ar mhaithe leis na scrúdaitheoirí.

Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar a d'fhéadfaí a thabhairt i bhfreagra an iarrthóra ach nach meastar a bheith riachtanach chun na marcanna iomlána a ghnóthú.

**N.B.** Níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

D'fhéadfadh feidhm a bheith ag **córas pionóis** lena mbaineann asbhaint marcanna maidir le ceisteanna áirithe chun cosc a chur ar an bhféidearthacht go "liostaíonn" iarrthóirí na freagraí féideartha go léir ar cheist ar leith. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh freagra farasbairr atá contráilte freagra ceart a chealú.

**Socruithe Réasúnta do Scrúduithe an Teastais**

Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil.

I bhFraincis Ardleibhéil an Teastais Shóisearaigh, ní bhaineann an mionathrú seo de ghnáth ach leis an dá cheist i Roinn III den pháipéar mar a bhfuil 15 mharc ar fáil as teanga i gceist (a) agus 25 marc ar fáil as teanga i gceist (b).

## Roinn I		Cluastuiscint		(140 marc)

### A	(18 marc)

| | | |
|---|---|---|
| An Chéad Chomhrá: | B | 6 mharc |
| An Dara Comhrá: | A | 6 mharc |
| An Tríú Comhrá: | E | 6 mharc |

### B	(32 marc)

### An Chéad Chainteoir: ***<u>Blandine</u>***

| | | |
|---|---|---|
| *Aois:* | 19 | 2 mharc |
| *Líon deirfiúracha:* | Triúr | 2 mharc |
| *Rud a dhéanann a hathair:* | garraíodóireacht/ oibríonn sé sa ghairdín | 2 mharc |
| *Mír **amháin** eolais faoina pearsantacht:* | - fiosrach<br>- lán d’fhuinneamh/ fuinniúil | 2 mharc |
| *A plean dá todhchaí gairme:* | cleasghleacaí (i sorcas) | 2 mharc |
| *Tír a dtabharfaidh sí cuairt uirthi:* | an Ghréig | 2 mharc |
| *An rud a theastóidh uaidh a dhéanamh:* | (am a chaitheamh ar an) trá | 2 mharc |
| *An rud arbh fhearr léi a dhéanamh:* | seoltóireacht/ luamhaireacht | 2 mharc |

**An Dara Cainteoir:** ***<u>Raymond</u>***

| | | |
|---|---|---|
| *Breithlá:* | 11 Eanáir | 2 mharc |
| ***Dhá*** *mhír eolais faoina cheantar:* | | |
| | - ciúin/ suaimhneach/ sámh | 2 + 2 mharc |
| | - cóngarach do lár na cathrach/ an bhaile/ lárnach | |
| *An obair a dhéanann sé:* | cearpantóir/ saor adhmaid | 2 mharc |
| *Fáth* ***amháin*** *ar maith leis a obair:* | | |
| | - (tá sí) cruthaitheach | 2 mharc |
| | - (is maith leis a bheith) ag obair lena lámha | |
| | - (is maith leis a bheith) ag obair le hadhmad | |
| *A chaitheamh aimsire:* | dornálaíocht | 2 mharc |
| *Cad a dhéanann sé sa samhradh:* | (imríonn sé) leadóg (lena chairde) | 2 mharc |
| *An rud a bhfuil sé ag sábháil chuige:* | veain | 2 mharc |

**C (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | oifig turasóireachta | 3 mharc |
| | **(b)** | (lean) díreach ar aghaidh/ lean ar aghaidh agus téigh trasna an droichid<br>[díreach ar aghaidh = 2 mharc]<br>[téigh trasna an droichid = 1 mharc] | 3 mharc |
| **2.** | **(a)** | (róthe) te sa teach/ istigh/ laistigh | 3 mharc |
| | **(b)** | - an madra/ é a thabhairt leis<br>- teastaíonn aclaíocht uaidh<br>- tá barraíocht á hithe aige | 3 mharc |
| **3.** | **(a)** | fuair sí fón póca/ fón/ ríomhaire glúine nua | 3 mharc |
| | **(b)** | tá sí ar an neacht is óige atá aige | 3 mharc |
| **4.** | **(a)** | 18.30 / 6.30 (p.m.)<br>[6.30 a.m. = 0] | 3 mharc |
| | **(b)** | BAGLIN<br>[4 nó 5 litir atá ceart = 2 mharc]<br>[1 go 3 litir atá ceart = 1 mharc] | 3 mharc |
| **5.** | **(a)** | Spáinnis | 3 mharc |
| | **(b)** | 33.29.60 | 3 mharc |

**D** **(30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | bricfeasta | 3 mharc |
| | **(b)** | é a thiomáint/ a thabhairt/ a ghlacadh chun na scoile | 3 mharc |
| **2.** | **(a)** | mála (scoile) | 3 mharc |
| | **(b)** | stair | 3 mharc |
| **3.** | **(a)** | 2 mharc (as 20) | 3 mharc |
| | **(b)** | - bhí (na) ceisteanna/ bhí sé (iontach) doiligh/ deacair<br>- ní raibh an t-am (aige) (chun críochnú)/ níor chríochnaigh sé (é) | 3 + 3 mharc |
| **4.** | **(a)** | ceolchoirm | 3 mharc |
| | **(b)** | (tá sé) róthuirseach/ tuirseach | 3 mharc |
| | **(c)** | - fanacht sa bhaile/ fanacht istigh<br>- amharc ar an teilifís<br>- dul a luí go luath<br>[a scíth a ligean sa bhaile = 0] | 3 mharc |

**E (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | - (ráig/ eipidéim) den fhliú<br>- tá an leathchuid/ mórán/ go leor de na daltaí tinn | 3 mharc |
| | (**b**) | an Nollaig | 3 mharc |
| **2.** | **(a)** | an Satharn | 3 mharc |
| | **(b)** | (níos mó ná) 3,000 (ciliméadar) | 3 mharc |
| **3.** | **(a)** | stailc(eanna) | 3 mharc |
| | **(b)** | san aerfort/ (i ngach ceann de na) (h)aerfoirt | 3 mharc |
| **4.** | **(a)** | an t-oirthuaisceart | 3 mharc |
| | **(b)** | ardaitheoir(í) a shuiteáil/ a chur isteach | 3 mharc |
| **5.** | **(i)** | fuar | 3 mharc |
| | **(ii)** | ceomhar | 3 mharc |

## ROINN II LÉAMHTHUISCINT (100 Marc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | B | 4 mharc |
| | **(b)** | C | 3 mharc |
| **2.** | **(a)** | bainne | 3 mharc |
| | **(b)** | (na trí) ubh | 3 mharc |
| | **(c)** | le huachtar reoite fanaile<br>[uachtar reoite = 2 mharc; fanaile = 0] | 3 mharc |
| **3.** | **(a)** | dearg | 2 mharc |
| | **(b)** | ar an urlár/ a sheomra (leapa) | 2 mharc |
| | **(c)** | - radharcra/ an tuath<br>- stáisiúin (traenach)<br>- paisinéirí (lena málaí taistil) | 2 mharc |
| **4.** | **(a)** | L'Écluse | 2 mharc |
| | **(b)** | Au Soleil | 2 mharc |
| | **(c)** | Le Chapeau Rouge | 2 mharc |
| | **(d)** | La Closerie | 2 mharc |
| **5.** | **(a)** | ar chúl / taobh thiar de halla an bhaile | 2 mharc |
| | **(b)** | buidéal (folamh) (buidéil fholmha) | 2 mharc |
| | **(c)** | an chéad urlár | 2 mharc |
| | **(d)** | bhí (an-)eagla air (roimh na sladaithe/ loitiméirí) | 2 mharc |

**6.** **(a)** droim nimhneach — 2 mharc

**(b)** gráid/ marcanna/ torthaí a bheadh níos fearr/ maith — 2 mharc

**(c)** — 2 mharc
- sobhriste/ d'fhéadfadh siad briseadh
- d'fhéadfadh an scáileán briseadh
- tá siad costasach le hathsholáthar
- d'fhéadfadh go ngoidfí iad

**(d)** pinn agus cóipleabhair — 2 mharc

**7.** **(a)** eaglais — 3 mharc

**(b)** 71 — 3 mharc

**(c)** cuireadh (a) fear céile ann — 3 mharc

**(d)** — 5 + 1 mharc
- ní mór don duine a bheith ina (náisiúnach) F(h)rancach
- is gá dá s(h)liocht/ g(h)aolta aontú leis

[Freagra amháin ceart = 5 mharc]
[Dhá fhreagra ceart = 6 mharc]

**(e)** (cabhrú leis an Uachtarán) an chéad duine eile a roghnú — 3 mharc

**8.** **(a)** (a) (h)airde/ méid/ bheith ard/ tá sí 1 m 93 (cm) ar airde — 2 mharc

**(b)** (i) (m)bosca/ faoin (faoina) leaba — 2 mharc

**(c)** cuireann sí (a) (h)aláram (clog aláraim) as — 2 mharc

**(d)** ithe/ lón / bricfeasta / béile a bheith aici (leo) ar an Domhnach — 2 mharc

[dinnéar a bheith aici (leo) ar an Domhnach = 1 mharc]

**(e)** — 2 mharc
- réalta(í)
- ar (a) muineál

**(f)** — 2 mharc
- rubar
- ní bhaineann sí di é ach amháin le linn cluichí/
  ní chaitheann sí é le linn cluichí

**9.** **(a)** go maith ag an ealaín/ ag an líníocht
agus gan mhaith/ go dona ag an matamaitic — 3 mharc
[Ceann amháin ceart = 2 mharc]

**(b)** chaill (sé) a phost — 3 mharc

**(c)**
- chuaigh sé isteach sa bhaile mór (lena chairde) — 3 mharc
- throid sé (i gcoinne dronga iomaíochta)

**(d)** caipín a ghoid — 3 mharc
[rud éigin a ghoid = 2 mharc]

**(e)** d'fhág sé an grúpa/ d'éirigh sé ina cheoltóir aonair — 3 mharc

**(f)** ba é mian a chroí a bheith ag aisteoireacht/
ba mhian leis i gcónaí a bheith ina aisteoir — 3 mharc

**(g)**
- chaith sé dhá uair an chloig sa halla gleacaíochta/ traenála gach maidin/ lá — 3 mharc
- chaith sé cúig mhí sa halla gleacaíochta/ traenála

**(h)** raon troscáin a sheoladh — 3 mharc

## Roinn III Scríobh na Teanga (80 marc)

**(a)** ***An Cárta Poist***

Cumarsáid = 15 mharc
Teanga = 15 mharc
Iomlán = 30 marc

Ní mór don iarrthóir plé le trí phointe. Ba cheart creidiúint a thabhairt as gach pointe a luaithe is a fheictear sa fhreagra é trí P1, P2, P3 a scríobh san imeall ar thaobh na láimhe clé. Cinntítear an marc a bhronntar faoin dá cheannteideal - cumarsáid agus teanga - ansin trí thagairt don ghreille mharcála thíos.

**(Tabhair ar aird mionathruithe ar an measúnú teanga i gcás scripteanna RACE, mar atá luaite cheana ag tús na scéime marcála seo.)**

**……………………………………………………………………………………………….**

**(b)** ***An Litir***

Miondealaítear marcanna don litir mar seo a leanas:

Leagan amach = 5 mharc
Cumarsáid = 20 marc
Teanga = 25 marc
Iomlán = 50 marc

**Leagan amach don litir neamhfhoirmiúil:**

Cinntítear na cúig mharc do leagan amach na litreach mar seo a leanas:

- Ní mór *áit* agus *dáta* a bheith ar an líne chéanna i dtreo an chúinne ag barr ar dheis.
- Ba cheart "**avril**" a bheith ar an *mí* a úsáidtear agus is gá nach dtosaíonn sé le ceannlitir, e.g. is úsáid atá ceart go hiomlán í "an Longfort, le 15 avril".
- *Beannacht:* Ní mór an t-ainm "Roger" a úsáid. Seachas an ghnáthbheannacht, i.e. "Cher Roger", glactar le "salut" agus "bonjour" freisin.
- *Deireadh a chur leis:* Is leor ceann ar bith de na foirmlí a nglactar leo de ghnáth, e.g. "amitiés", "amicalement", "à bientôt", etc. i dteannta an ainm, ach ní mór an litriú a bheith **iomlán** ceart. Má thugtar níos mó ná deireadh amháin, bronn marcanna as an gceann deiridh amháin.

**Marcáil an Leagain Amach**

| | | |
|---|---|---|
| áit / seoladh | = 1 | |
| le + figiúr | = 1 | [d'fhéadfaí an figiúr a scríobh mar fhocal ach ní mór an litriú a bheith ceart, e.g. "le quinze avril" nó "le 15 avril"] |
| mí | = 1 | |
| beannacht | = 1 | |
| deireadh | = 1 | |

## GREILLE MHARCÁLA

| **Marcanna as (a)**<br>**Cárta Poist** | ***Cumarsáid*** | **Marcanna as (b)**<br>**Litir** |
|---|---|---|
| 11 go 15 mharc | **An chatagóir uachtair**<br>• Ábhar sothuigthe do Fhrancach aonteangach<br>• Úsáid mhaith nó shármhaith as an gcuid is mó nó as gach cuid den ábhar spreagthaigh (i.e. pointí)<br>• Meas ar réim cheart teanga | 14 go 20 marc |
| 6 go 10 marc | **An chatagóir láir**<br>• Ábhar beagáinín intuigthe nó réasúnta intuigthe do Fhrancach aonteangach<br>• Úsáid leordhóthanach ar éigean nó úsáid leordhóthanach as cuid nó as gach cuid den ábhar spreagthaigh | 8 go 13 mharc |
| 0 go 5 mharc | **An chatagóir íochtair**<br>• Ábhar dothuigthe nó intuigthe ar éigean do Fhrancach aonteangach<br>• Gan úsáid nó beagán úsáide as an ábhar spreagthaigh | 0 go 7 marc |

| **Marcanna as (a)**<br>**Cárta Poist** | ***Teanga*** | **Marcanna as (b)**<br>**Litir** |
|---|---|---|
| 11 go 15 mharc | **An chatagóir uachtair**<br>• Úsáid as stór focal maith nó saibhir lena n-áirítear nathanna cainte Fraincise, b'fhéidir<br>• Gan mórán dearmad sna briathra - aimsirí, aontuithe, etc.<br>• Úsáid mhaith nó shármhaith as gnéithe eile, e.g. aidiachtaí, dobhriathra, réamhfhocail, forainmneacha, frithoibríocht<br>• Na litrithe ceart ar an iomlán | 18 go 25 marc |
| 6 go 10 marc | **An chatagóir láir**<br>• Stór focal leordhóthanach ar éigean nó leordhóthanach<br>• Na briathra mícheart ar an iomlán nó corruair<br>• Úsáid leordhóthanach ar éigean as gnéithe eile gramadaí mar atá liostaithe thuas | 10 go 17 marc |
| 0 go 5 mharc | **An chatagóir íochtair**<br>• An-drochúsáid nó drochúsáid as an stór focal<br>• Gach briathar nó formhór na mbriathra mícheart<br>• Gan úsáid cheart nó beagán úsáid cheart as gnéithe eile gramadaí mar atá liostaithe thuas | 0 go 9 marc |

**An Grád iomlán a bhronntar ar gach script (uasmhéid = 320 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| A | = | 272 - 320 marc |
| B | = | 224 - 271 marc |
| C | = | 176 - 223 marc |
| D | = | 128 - 175 marc |
| E | = | 80 - 127 marc |
| F | = | 32 - 79 marc |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

Bain úsáid as an tábla seo i gcás an ábhair a leanas:

- **Fraincis**

**Iomlán: 320 Gnáthráta: 5%**

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |